Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9952/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0175(NLE)**

**ACP 69**
**FIN 628**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 9783/22 - COM(2022) 259 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE<br>– Glacadh |

1. An 2 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (9783/22).

2. An 3 Meitheamh 2022, tháinig Meitheal ACC ar chomhaontú ar leibhéal na meithle maidir leis an togra.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an dréachtchinneadh ón gComhairle a ghlacadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le leasú ar Chinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, mar a leagtar amach é, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air, in 9813/22;

– an cinneadh ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an chinnidh ón gComhairle;

– an cinneadh ó ACC-AE, ach a nglacfar é, a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

Tar éis don Chomhairle an dréachtchinneadh a ghlacadh, cuirfear dréachtchinneadh ó ACC-AE chuig ACC lena ghlacadh ag Coiste Ambasadóirí ACC-AE trí litreacha a mhalartú.